

Eisithe: x.x.2025	Dáta theacht i bhfeidhm: x.x.2025	I bhfeidhm: Go dtí go bhfógrófar a mhalairt
----------------------	--------------------------------------	--

Bunús dlí:

Alt 99 den Ghníomh Eitlíochta (864/2014)

Tá pionóis mar gheall ar neamhchomhlíonadh an Rialacháin leagtha síos in:

Alt 175 agus Alt 178 den Ghníomh Eitlíochta (864/2014)

Faisnéis faoi leasú:

Aisghairtear leis an rialachán seo rialachán eitlíochta OPS M2-9 maidir le faoileoirí, a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Iompair na Fionlainne an 6 Iúil 2011 (TRAFI/4841/03.04.00.00/2011).

FAOILEOIRÍ

Clár

1	SOVELTAMISALA.....	2
2	MÄÄRITELMÄT.....	2
3	TEKNISET MÄÄRÄYKSET.....	3
3.1	Liitimiä koskevat vaatimukset.....	3
3.1.1	Vaatimukset 1-paikkaisille liitimille.....	3
3.1.2	Vaatimukset 2-paikkaisille liitimille.....	3
3.2	Vaatimukset kilpailu- ja esittelytoiminnassa.....	3
3.3	Käyttörajoitukset ja huolto-ohjeet.....	3
3.4	Huolto-, korjaus- ja muutostyöt.....	4
3.5	Liitimen asiakirjat.....	4
3.6	Muun kuin jaloilta lähtevän liitimen luettelointi ja merkintä.....	4
3.7	Suomessa valmistetun liitimen merkinnät ja valmistuskirjanpito.....	5
4	TOIMINNALLISET MÄÄRÄYKSET.....	5
4.1	Varustevaatimukset.....	5
4.2	Lennon valmistelu ja suorittaminen.....	5
4.3	Muut toiminnalliset vaatimukset.....	6
5	OHJAAJALTA EDELLYTETTYÄ IKÄÄ, TIETOA, TAITOA JA KOKEMUSTA KOSKEVAT VAATIMUKSET.....	6
5.1	Ikää koskevat vaatimukset.....	6
5.2	Tietoa koskevat vaatimukset.....	6
5.3	Taito ja kokemus, jota edellytetään itsenäiseen lentämiseen.....	6
5.4	Kokemus, jota edellytetään matkustajan kuljettamiseen.....	7
5.5	Kokemus, jota edellytetään kaupalliseen lentotoimintaan liitimellä.....	7
5.6	Tiedollisten ja taidollisten vaatimusten todentaminen.....	7
6	KOULUTUS.....	8
7	ONNETTOMUUKSISTA JA VAARATILANTEISTA ILMOITTAMINEN.....	9
8	POIKKEUKSET.....	9
9	SIIRTYMÄMÄÄRÄYKSET.....	9

1 RAON FEIDHME

Tá feidhm ag an rialachán seo maidir leis na faoileoirí sin a shainmhínítear i mír 2 atá eisiata ó raon feidhme Rialachán EASA le hlarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán EASA¹ agus, dá bhrí sin, a thagann faoi raon feidhme an rialacháin náisiúnta. Níl feidhm ag an rialachán seo maidir le haerárthaí gan foireann.

2 SAINMHÍNITHE

Chun críocha an rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Ciallaíonn *tír CSTE* stát a shínigh an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

Ciallaíonn *faoileoir cos-seolta* faoileoir ar féidir a éirí de thalamh a sheoladh de shiúl na gcos i gcónaí. Measfar faoileoir a bheith cos-seolta freisin má tá rothaí cúnta nó scíonna cúnta aige chun éirí de thalamh a éascú, mura gcuireann siad isteach ar éirí de thalamh cos-seolta. Maidir le faoileoir a úsáideann duine a bhfuil a s(h)oghluaisteacht laghdaithe agus a bhfuil rothaí cúnta nó scíonna feistithe air chun éirí de thalamh agus tuirlingt a éascú, leanfar dá mheas gur cos-seoladh é freisin, más féidir an faoileoir, nuair a bhaintear na páirteanna sin, a sheoladh de shiúl na gcos;

Ciallaíonn *oiliúint* oiliúint a chur ar mhac léinn chun bheith ina p(h)íolóta neamhspleách i gcomhréir le clár oiliúna a bhaineann go sonrach le cineál faoileora nó le hoiliúint eile a chuirtear ar fáil i gcomhréir le clár oiliúna, amhail oiliúint do mhac léinn atá údaráithe cheana féin eitilt go neamhspleách ag baint úsáid as cineál faoileora eile a bhfuil modh rialaithe comhchosúil aige ach atá éagsúil ó thaobh struchtúir de, oiliúint chun paisinéirí a iompar agus oiliúint i modhanna nua éirí de thalamh;

Ciallaíonn *deimhniú oiliúna* deimhniú i scríbhinn arna eisiúint ag teagascóir lena bhfianaithear go bhfuil an oiliúint curtha i gcrích go rathúil aige nó aici i gcomhréir le clár oiliúna. Tá an deimhniú oiliúna coibhéiseach freisin le ceadúnas píolóta bailí nó éagtha atá iomchuí do mhodh rialaithe an chineáil faoileora, nó le deimhniú píolóta faoileora arna eisiúint i gcomhréir le rialacha FAI (Cónaidhm Dhomhanda Spóirt Aeir, *Fédération Aéronautique Internationale*) nó deimhniú píolóta faoileora náisiúnta;

Ciallaíonn *faoileoir aerárthaí* agus trealamh, mar a shainmhínítear sa ghrúpáil thíos, a eisiatar ó raon feidhme Rialachán EASA in larscríbhinn I a ghabhann leis an gcéanna.

Grúpa A: aerárthaí sáréadroma faoi rialú meáchanláir agus parafoileoirí innealta ag a bhfuil luas moillithe nó íosluas eitilte seasta i gcumraíocht tuirlingthe nach sáraíonn 35 muirmhíle d'aerluas calabraithe (CAS), nach bhfuil níos mó ná dhá shuíochán iontu agus atá faoi bhun na dteorainneacha meáchain dá dtagraítear i bpointe (e) d'larscríbhinn I a ghabhann le Rialachán EASA;

Grúpa B: faoileoirí nach mó ná 80 kg a n-uasmhais fholamh i gcás faoileoirí aon suíocháin nó nach mó ná 100 kg í i gcás faoileoirí dhá shuíocháin;

Grúpa C: aerárthaí le foireann eile ag a bhfuil mais fholamh, lena n-áirítear breosla, 70 kg nó níos lú;

Ciallaíonn *cineál faoileora* faoileoirí atá comhionann go substaintiúil ó thaobh rialuithe agus tógála de;

¹ Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta Eorpach, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, Ich 1-122)

Ciallaíonn *píolóta i gceannas faoileora* píolóta i gceannas aerárthaigh dá dtagraítear in alt 52 den Ghníomh Eitlíochta;

Ciallaíonn *píolóta* an duine atá i mbun an fhaoileora a rialú, fiú murab ionann é nó í agus an píolóta i gceannas;

Ciallaíonn *mais folamh* mais fholamh an fhaoileora nuair atá an trealamh seasta is gá le haghaidh eitilte feistithe ar an bhfaoileoir.

Sa rialachán seo, measfar tús a bheith leis an eitilt nuair a thosaíonn an faoileoir ag gluaiseacht chun eitilt a dhéanamh agus chun deireadh a chur leis an eitilt nuair a stopann an faoileoir go hiomlán i ndiaidh dó tuirlingt.

3 RIALACHÁIN THEICNIÚLA

3.1 Ceanglais maidir le faoileoirí

3.1.1 Ceanglais maidir le faoileoirí aon suíocháin

3.1.1.1 Féadfar faoileoir atá formheasta lena úsáid san eitlíocht ag Ballstát eile den AE nó ag tír CSTE a úsáid san Fhionlainn. Mar sin féin, i gcás faoileoirí a bhfuil mais fholamh níos lú ná 120 kg acu, is leor formheas sciathán.

3.1.1.2 Má mhonaraítear an faoileoir san Fhionlainn, comhlíonfaidh sé na ceanglais theicniúla maidir le faoileoirí ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ó thír CSTE. Eiseoidh Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne deimhniú gur comhlíonadh na ceanglais sin.

3.1.1.3 Ar iarratas a fháil, féadfaidh Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne úsáid ceanglas teicniúil seachas ceanglais Bhallstáit an Aontais agus thíortha CSTE a fhorghéar freisin.

3.1.2 Ceanglais maidir le faoileoirí dhá shuíocháin

3.1.2.1 Comhlíonfaidh faoileoir a úsáidtear san Fhionlainn agus a mhonaraítear in áit eile ceanglais theicniúla arna bhformheas ag Ballstát eile den Aontas nó ag tír CSTE nó ag eagraíocht inniúil a oibríonn ina chríoch agus beidh cineálcheadú nó formheas coibhéiseach aige. Mar sin féin, i gcás faoileoirí a bhfuil mais fholamh níos lú ná 120 kg acu, is leor formheas sciathán.

3.1.2.2 Má mhonaraítear an faoileoir san Fhionlainn, comhlíonfaidh sé na ceanglais theicniúla maidir le faoileoirí ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ó thír CSTE. Eiseoidh Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne deimhniú gur comhlíonadh na ceanglais sin.

3.1.2.3 Ar iarratas a fháil, féadfaidh Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne úsáid ceanglas teicniúil seachas ceanglais Bhallstáit an Aontais agus thíortha CSTE a fhorghéar freisin.

3.2 Ceanglais maidir le comórtais agus taispeántais

De bhreis ar fhorálacha alt 3.1, féadfar faoileoir faoi úinéireacht eachtrach a úsáid i gcomórtais, i dtaispeántais nó i ngníomhaíochtaí eitlíochta inchomparáide eile a bheidh ar siúl san Fhionlainn má tá sé i gcomhréir le rialacháin faoileora tír dhúchais úinéir an fhaoileora. Ní fhéadfaidh faoileoir den sórt sin fanacht i gcríoch na Fionlainne ar feadh níos mó ná 2 mhí thar aon tréimhse chomhleanúnach 12 mhí.

3.3 Teorainneacha ar threoracha úsáide agus cothabhála

Beidh lámhleabhar ag an bhfaoileoir ina léireofar aon teorainn ar úsáid an fhaoileora chomh maith le treoracha cothabhála. Ní bheidh an lámhleabhar seo ag teastáil le haghaidh faoileora atá féintógtha nó féinmhodhnaithe ag an duine atá á oibriú, fad is nach n-úsáidtear an faoileoir chun críocha oiliúna.

3.4 Obair chothabhála, deisiúcháin agus mhodhnaithe

Déanfar cothabháil, deisiú agus modhnú an fhaoileora de réir na dtreoracha a thugann an monaróir nó a úsáidtear go coitianta sa réimse. Beidh oiliúint, taithí, treoracha, áitreabh agus trealamh leordhóthanach don ghníomhaíocht ag an duine a dhéanfaidh an obair.

3.4.2 Déanfaidh nó beidh curtha i gcrích ag úinéir nó oibreoir an fhaoileora aon chothabháil, cigireacht agus modhnú arna bhforordú ag an monaróir chomh maith leis na bearta is gá le haghaidh aeracmhainneacht an trealaimh.

3.5 Doiciméid faoileora

De mhaolú ar alt 61 den Ghníomh Eitlíochta, beidh na doiciméid bhailí seo a leanas ag faoileoir a úsáidtear don eitlíocht:

- a) an lámhleabhar treoracha dá dtagraítear in Alt 3.3.
- b) deimhnithe árachais faoin² Rialachán maidir le hÁrachas Eitlíochta agus alt 138 agus alt 139 den Ghníomh Eitlíochta, más gá don ghníomhaíocht eitlíochta atá i gceist;
- c) ceadúnas raidió má tá tarchuradóir raidió ceadúnaithe feistithe ar an bhfaoileoir
- d) cinneadh an faoileoir a chatalógú, más gá an faoileoir atá i gceist a chatalógú.

Ní gá na doiciméid a bheith ar bord le linn eitilte, ach ní mór iad a chur i láthair lena n-iniúchadh ag Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne arna iarraidh sin.

3.6 Catalógú agus clárú faoileoirí neamh-chos-seolta

3.6.1 Chun críocha rialaithe rialála, beidh aitheantóir ag faoileoirí nach bhfuil cos-seolta. Is í Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne a eiseoidh é. Coinníonn Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne liosta de na haitheantóirí faoileora, ina léirítear cineál gach faoileora agus an páirtí a rinne iarratas ar an aitheantóir.

3.6.2 Tá parafoileoirí aon suíocháin cos-seolta nach mó a mais fholamh ná 80 kg díolmhaithe ón gceanglas catalógaithe.

3.6.3 Mura bhfuil an faoileoir formheasta go fóill agus más gá eitiltí tástála a eitilt chun formheas a fháil, cuirfear iarratas ar chatalógú sealadach ar an bhfaoileoir le haghaidh eitiltí tástála, ar feadh trí bliana ar a mhéad ag an am, faoi bhráid Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne.

3.6.4 Is éard atá san aitheantóir an litir 'A', 'B' nó 'C' lena sainaithnítear an grúpa faoileora, agus uimhir sheicheamhach ina dhiaidh sin. Má éilítear cód aitheantais náisiúnta chun náisiúntacht an fhaoileora a léiriú (mar shampla i nglao raidió, ceadúnas raidió etc.), úsáidfear cód aitheantais náisiúnta OH na Fionlainne roimh an aitheantóir

² Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir leis na ceanglais árachais a bhaineann le haeriompróirí agus le hoibreoirí aerárthaí
(IO L 138, 30.4.2004, lch 1-6)

catalógaithe i radaiteileafónaíocht agus sna doiciméid riachtanacha. Ní mharcálfar an cód aitheantais náisiúnta ar an bhfaoileoir ná sa chatalóg faoileoirí.

3.6.5 Chun aitheantóir a fháil le haghaidh an fhaoileora, cuirfear an méid seo a leanas faoi bhráid Ghníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne:

- a) cóip den chineálcheadú nó den cheadú coibhéiseach, más gá, mar aon leis na sonraí teicniúla gaolmhara, agus
- b) deimhniú meáite, má cheanglaítear sin le mír 3.6.9 nó le mír 3.6.10.

3.6.6 Beidh aitheantóir an fhaoileora ar an taobh íochtair den sciathán clé. Beidh an t-aitheantóir ar thaobh íochtair an sciatháin 30 cm ar airde ar a laghad, agus beidh ciumhais uachtarach na marcála os comhair chiumhais tosaigh an sciatháin.

3.6.7 I gcás faoileoirí nuair nach féidir an taobh thíos den sciathán a mharcáil, déanfar an mharcáil ag bun an aerfhráma. Cuirfear na haitheantóirí ag bhun an aerfhráma ionas go mbeidh na faid ó thaobhanna an aerfhráma chomh cothrom agus is féidir, agus léifear na litreacha agus na huimhreacha ó thosach go cúl.

3.6.8 Mura féidir na marcálacha forordaithe a chur ar dhromchlaí aerárthaigh mar gheall ar mhéid na ndromchlaí sin, féadfar na marcálacha a laghdú ó thaobh méid de ach beidh siad fós chomh mór agus is féidir.

3.6.9 Mura bhfuil faisnéis maidir le mais fholamh i gcineálcheadú nó i gceadú eile faoileora ghrúpa B, cuirfear isteach deimhniú arna eisiúint ag sealbhóir aerárthaigh a bhfuil cearta meáite aige nó aici.

3.6.10 Mura bhfuil faisnéis maidir leis an mais fholamh le breosla san fhormheas a thugtar le haghaidh faoileoir ghrúpa C, cuirfear isteach deimhniú arna eisiúint ag sealbhóir aerárthaigh a bhfuil cearta meáite aige nó aici.

3.7 Taifid lipéadaithe agus mhonaraíochta faoileoirí a mhonaraítear san Fhionlainn

Nuair a mhonaraítear faoileoir nó a chomhpháirt san Fhionlainn, déanfaidh an monaróir é a mharcáil le sraithuimhir, le haitheantóir an mhonaróra agus le bliain an mhonaraithe. Coinneoidh an monaróir taifead ar an monarú, ina luafar na dearaí a úsáideadh, dáta an mhonaraithe agus an monaróir.

4 FORÁLACHA OIBRIÚCHÁIN

4.1 Ceanglais trealaimh

4.1.1 Má tá an eitilt le heitilt ag airde níos mó ná 150 m os cionn dhromchla na talún nó an uisce, beidh an faoileoir feistithe le hairdemhéadar.

4.1.2 Beidh faoileoirí ghrúpa B cos-seolta feistithe le paraisiút éigeandála ar eitiltí atá os cionn 50 m ar airde ó dhromchla na talún nó an uisce. Má úsáidtear faoileoir ghrúpa A nó ghrúpa B le haghaidh iompar tráchtála paisinéirí, feisteofar é le paraisiút éigeandála a iompraíonn an faoileoir iomlán.

4.1.3 Nuair a bheidh faoileoir á eitilt, caithfidh an píolóta agus an paisinéir clogaid atá oiriúnach ó thaobh struchtúir de mura bhfuil cábán cosanta le criosanna sábhála ar an bhfaoileoir.

4.2 Ullmhú agus cur i gcrích eitilte

4.2.1 De mhaolú ar alt 57(1), alt (2) agus alt (3) den Ghníomh Eitlíochta:

a) agus faoileoir á oibriú aige nó aici, comhlíonfaidh an píolóta na treoracha agus na srianta a thugtar i lámhleabhar treorach an fhaoileora;

b) ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt go dtí go mbeidh sé nó sí sásta:

i. go ndearnadh cigireacht ar an bhfaoileoir agus gur seirbheáladh é de réir na dtreoracha a thug an monaróir;

ii. is féidir an eitilt atá beartaithe a dhéanamh go sábháilte, agus na saintréithe feidhmíochta, na dálaí aimsire atá i réim agus tosca ábhartha eile á gcur san áireamh; agus

iii. tá an trealamh riachtanach agus is gá san fhaoileoir agus ag a phaisinéirí.

4.2.2 Ní cheadaítear ach eitiltí i rith an lae i gcomhréir le rialacha amharceitilte (VFR).

4.3 Ceanglais oibriúcháin eile

4.3.1 I gcás eitiltí faoileora a dhéantar ag aeradróim nó gar dóibh mar a shonraítear in alt 2, mír 25 den Ghníomh Eitlíochta, gheofar cead ó cheannasaí an aeradróim nó óna (h)ionadaí. Má thagann athrú ar chineál nó ar mhéid na gníomhaíochta eitlíochta ón údarú bunaidh, comhaontófar an ghníomhaíocht ar leithligh sula gcuirfear tús léi.

Cuirfidh an píolóta féin eolas ar na teorainneacha oibriúcháin agus ar na treoracha cothabhála le haghaidh gach cineáil faoileora nua.

4.3.3 Duine atá ar bord faoileora a úsáidtear le haghaidh eitiltí tástála ach nach bhfuil i mbun píolótaíthe, beidh tasc aige nó aici ar bord agus ceadúnas píolóta nó deimhniú oiliúna píolóta faoileora bailí nó atá imithe in éag.

5 CEANGLAIS MAIDIR LE HAOIS, EOLAS, SCILEANNA AGUS TAITHÍ AN PHÍOLÓTA

5.1 Ceanglais aoise

Beidh píolóta i gceannas an fhaoileora 15 bliana d'aois ar a laghad. Má tá sé nó sí faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh cead i scríbhinn aige nó aici óna t(h)uismitheoir nó óna c(h)aomhnóir chun an faoileoir a eitilt.

Beidh píolóta faoileora a iompraíonn paisinéir 18 mbliana d'aois ar a laghad.

5.2 Ceanglais faisnéise

Cuirfidh píolóta an fhaoileora é nó í féin ar an eolas faoi na forálacha agus faoi na rialacháin ábhartha, lena n-áirítear rialacha an aeir.

5.3 Scileanna agus taithí atá ag teastáil le haghaidh eitilt neamhspleách

5.3.1 Chun údarú a fháil aerárthach fíoréadrom faoi rialú meáchanláir ghrúpa A a eitilt go neamhspleách, beidh 60 eitilt ar a laghad curtha i gcrích ag píolóta in aerárthach fíoréadrom faoi rialú meáchanláir ghrúpa A, agus 30 eitilt díobh sin ar a laghad le teagascóir agus 5 eitilt ar a laghad ina (h)aonar agus é nó í faoi mhaoirseacht teagascóra.

5.3.2 Chun údarú a fháil chun parafaoileoir innealta ghrúpa A a eitilt go neamhspleách, beidh 40 eitilt ar a laghad curtha i gcrích ag an bpíolóta i bparafaoileoir innealta ghrúpa A, agus 30 eitilt ar a laghad le teagascóir agus 5 eitilt ar a laghad ina (h)aonar agus é nó í faoi mhaoirseacht teagascóra.

5.3.3 Chun gur féidir le píolóta a chomhlíonann na réamhriachtanais le haghaidh eitilt neamhspleách fhaoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C ag a bhfuil modh rialaithe comhchosúil údarú a fháil chun aerárthach nó parafaoileoir sáréadrom faoi rialú mheáchanláir ghrúpa A a eitilt, meastar gur leor 20 eitilt ar a laghad a chuirtear i gcrích d'aerárthach nó do

pharafaioileoir fíoréadrom ghrúpa A ag a bhfuil modh rialaithe comhchosúil le linn na hoiliúna.

Chun údarú a fháil chun faoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C a eitilt go neamhspleách, beidh 40 eitilt ar a laghad curtha i gcrích ag píolóta i faoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C le linn na hoiliúna. Chun gur féidir le píolóta a chomhlíonann na réamhriachtanais le haghaidh eitilt neamhspleách i bhfaoileoir ghrúpa A ag a bhfuil rialuithe comhchosúla údarú a fháil chun faoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C a eitilt go neamhspleách, meastar gur leor 20 eitilt ar a laghad a chuirtear i gcrích i bhfaoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C i modh rialaithe comhchosúil.

5.3.5 Cuirfidh an teagascóir admháil isteach i logleabhar an mhic léinn maidir leis an oiliúint a chuir sé nó sí ar fáil.

5.3.6 Is iad seo a leanas modhanna éirí de thalamh faoileora:

- a) seoladh domhantarraingthe;
- b) tarraingt de ghluaisteán, d'unlas nó de choibhéis;
- c) tarraingt faoileora le heitleán nó
- d) éirí de thalamh le cumhacht innill an fhaoileora féin.

Cé is moite de sheoladh domhantarraingthe, éilíonn gach modh éirí de thalamh 7 seisiún oiliúna éirí de thalamh a dhíríonn ar an modh atá i gceist. Má chomhlíonann an píolóta na réamhriachtanais le haghaidh eitilt neamhspleách le faoileoir grúpa A, ní cheanglaítear air nó uirthi oiliúint a dhéanamh in éirí de thalamh agus úsáid á baint as cumhacht innill an fhaoileora féin nuair a bhaineann an faoileoir le grúpa B nó le grúpa C.

5.3.7 Mura bhfaigheann an mac léinn creidmheas as taithí eitilte faoileora roimhe seo, déanfar an oiliúint a leathadh amach thar 7 lá eitilte ar a laghad.

5.3.8 Féadfaidh sealbhóir ceadúnais píolóta bailí nó éagtha le haghaidh faoileoir, faoileoir innealta nó aerárthaigh sáréadroma nó sealbhóir rátála aicme aerárthaigh, laistigh dá gcearta modha éirí de thalamh, faoileoir ghrúpa B nó ghrúpa C atá instiúrtha go haeraidínimiciúil ar thrí ais a phíolótú.

5.3.9 Duine ag a bhfuil ceadúnas píolóta bailí nó ceadúnas píolóta atá imithe in éag nó deimhniú oiliúna píolóta faoileora, féadfaidh sé nó sí faoileoirí ghrúpa C a phíolótú freisin seachas iad siúd dá dtagraítear dóibh i mír 5.3.8.

5.3.10 I gcás eitiltí aonair, ní bheidh sé de cheangal ar phíolóta faoileora cos-seolta agus faoileora neamhinnealta dul faoi oiliúint má dhéantar an t-éirí de thalamh gan cúnamh seachtrach agus má eitlítear an eitilt:

- a) ag airde níos lú ná 150 m os cionn dhromchla na talún nó an uisce, agus
- b) níos faide ná 10 km ó aerfort, aeradróm nó aeradróm éadrom de réir bhrí alt 2 agus alt 75 den Ghníomh Eitlíochta, agus
- c) in aerspás aicme G.

5.4 Taithí is gá chun paisinéir a iompar

Beidh 35 uair an chloig ar a laghad de thaithí eitilte ag an bpíolóta san iomlán leis an ngrúpa faoileora agus leis an modh rialaithe lena mbaineann, agus beidh 15 uair an chloig ar a laghad d'eitilt aonair déanta.

5.4.2 Beidh ar a laghad cúig eitilt faoileora píolótaithe ag an bpíolóta le teagascóir.

5.4.3 Beidh taithí eitilte le déanaí ag an bpíolóta ar 10 n-eitilt ar a laghad leis an modh rialaithe ábhartha laistigh de na sé mhí roimhe sin.

5.5 Taithí ag teastáil le haghaidh eitlíochta faoileora tráchtála

5.5.1. Beidh taithí 100 uair an chloig ar a laghad nó 200 éirí de thalamh san iomlán ag an bpíolóta sa ghrúpa faoileora ábhartha agus sa mhodh rialaithe ábhartha.

Má úsáidtear faoileoir san eitlíocht tráchtála chun paisinéir a iompar, comhlíonfar na ceanglais i mír 5.4 freisin.

5.5.3 Beidh taithí eitilte ag an bpíolóta le déanaí mar phíolóta i gceannas ar 10 n-eitilt ar a laghad ag baint úsáid as an modh rialaithe ábhartha laistigh de na sé mhí roimhe sin.

5.6 Ceanglais eolais agus scileanna a fhíorú

D'fhonn a n-oiliúint a fhíorú, coinneoidh píolóta aon deimhniú oiliúna a gheobhaidh sé nó sí.

5.6.2 D'fhonn a dtaithí eitilte a fhíorú, coinneoidh an píolóta logleabhar pearsanta ina léireofar an méid seo a leanas ar a laghad: dáta, líon agus fad na n-eitiltí, an áit imeachta, an cineál faoileora, an modh éirí de thalamh, cuspóir na heitilte, an t-aitheantóir nó an cineál faoileora agus, i gcás inar gá, admhálacha ó theagascóir.

5.6.3 Beidh doiciméad aitheantais ar iompar ag an bpíolóta leis nó léi ar bord na heitilte agus cuirfidh sé nó sí a leithéid faoi bhráid Ghníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne é arna iarraidh sin dó nó di. Ní gá deimhniú oiliúna ná an logleabhar a bheith ar bord le linn eitilte, ach ní mór iad a chur i láthair lena n-íniúchadh ag Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne arna iarraidh sin.

6 OILIÚINT

6.1 Ní gá ceadúnas oiliúna arna eisiúint ag Gníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne dá dtagraítear in alt 135 den Ghníomh um Sheirbhísí lompair chun oiliúint a dhéanamh le faoileoir.

6.2 Chun críocha maoirseachta, cuirfear fógra oiliúna faoi bhráid Ghníomhaireacht lompair agus Cumarsáide na Fionlainne tráth nach déanaí ná 14 lá roimh thús na gníomhaíochta nó roimh aon athrú ar an ngníomhaíocht. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhógra oiliúna:

- ainm, sainchónaí agus seoladh na heagraíochta oiliúna nó an oiliúnóra aonair;
- an duine/na daoine a sholáthraíonn an oiliúint, a bhfaisnéis maidir le seoladh agus inniúlacht agus a dtoiliú i scríbhinn lena sannadh
- an suíomh nó na suíomhanna ina mbeidh an oiliúint ar siúl go príomha,
- An trealamh eitilte a úsáidtear in oiliúint (grúpa faoileora, modh rialaithe, cineál faoileora)
- na cláir oiliúna a bheidh le húsáid, ina sonrófar go mion ábhar na gceachtanna teoiriciúla agus na hoiliúna eitilte, in aghaidh an cheachta agus na heitilte, chomh maith leis na ceanglais maidir le heolas, scil agus taithí chun an oiliúint a chur i gcrích go rathúil, agus
- tuairisc ar an gcaoi ar eagraíodh cumhdach árachais le haghaidh na hoiliúna.

6.3. Eiseoidh an duine atá freagrach as an oiliúint deimhniú oiliúna don phíolóta faoileora tar éis an oiliúint a chríochnú go rathúil. Eiseofar an deimhniú oiliúna le haghaidh na hoiliúna uile arna soláthar agus sonrófar an méid seo a leanas ann:

- ainm na heagraíochta nó an oiliúnóra aonair a d'eisigh an fógra oiliúna;
- ainm agus dáta breithe an oiliúnaí;
- an clár oiliúna a úsáideadh;

- d) dátaí tosaigh agus deiridh na hoiliúna, agus
- e) síniú agus ainm an duine a sholáthair an oiliúint agus an dáta.

Chun críocha maoirseachta, cuirfidh an duine a sholáthair an oiliúint cóip den deimhniú oiliúna faoi bhráid Ghníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne laistigh de 30 lá tar éis eisiúint an deimhnithe.

6.4 Féadfaidh duine atá 18 mbliana d'aois ar a laghad oiliúint eiltle le faoileoir aon suíocháin a sholáthar, a bheidh údaraithe chun an grúpa faoileora a eitilt agus an modh rialaithe a úsáidtear san oiliúint go neamhspleách ar feadh níos mó ná dhá bhliain agus a bhfuil 50 uair an chloig ar a laghad de thaithí eiltle aige nó aici leis an ngrúpa faoileora agus leis an modh rialaithe a úsáidtear san oiliúint.

6.5 Féadfaidh duine a chomhlíonann na ceanglais thuas oiliúint eiltle le faoileoir dhá shuíocháin a sholáthar, a bhfuil sé nó sí údaraithe chun paisinéirí a iompar agus a bhfuil 100 uair an chloig ar a laghad de thaithí eiltle aige nó aici mar phíolóta sa ghrúpa faoileora a úsáidtear le haghaidh oiliúna agus sa mhodh rialaithe, a bhfuil 70 uair an chloig ar a laghad de curtha i gcrích mar phíolóta i gceannas ar fhaoileoir.

6.6 Taifeadfaidh an teagascóir an oiliúint atá curtha ar fáil aige nó aici i logleabhar an mhic léinn. Áireofar sa taifead ábhar na hoiliúna, an clár oiliúna a cuireadh i bhfeidhm, dáta agus ainm an teagascóra.

7 TIONÓISCÍ AGUS CÁSANNA CONTÚIRTEACHA A THUAIRISCIÚ

Timpistí agus teagmhais thromchúiseacha a tharlaíonn san eitlíocht faoileora, déanfar iad a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le tarluithe³ agus le Treoirlínte Aerthráchta GEN T1-4.

8 DÍOLÚINTÍ

Féadfaidh Gníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne, ar iarratas a fháil, maoluithe ar cheanglais an Rialacháin seo a dheonú má mheasann an Ghníomhaireacht go bhfuil gá leis na maoluithe agus go mbaintear amach an leibhéal sábháilteachta a fhreagraíonn do chuspóir an Rialacháin tríd an modh arna moladh ag an iarratasóir.

9 FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Comhlíonfar na ceanglais dá dtagraítear i mír 3.6.6 go dtí mír 3.6.8 maidir le haitheantóir faoileora a mharcáil ón xx.x.2025/6 ar aghaidh [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin].

³ Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, Ich 18—43).